**09/DS**

**Foirm 2**

# Ráiteas Síntiús

**(1 Eanáir 2009 go 31 Nollaig 2009)**

**An tAcht Toghcháin 1997, mar atá leasaithe**

***Comhlánaigh i mBLOCLITREACHA agus i ndúch dubh, le do thoil, chun cóipeáil a éascú.***

## 1. Faisnéis Ghinearálta

| | |
|---|---|
| **Ainm** | |
| **Seoladh** | |
| **Uimh. theileafóin** | |
| **Facsuimhir** | |
| | |
| **Páirtí Polaitíochta agus/nó Grúpa Polaitíochta, más ann** | **Páirtí Polaitíochta** ......................................... <br> **Grúpa Polaitíochta (más ann)** ......................... |

| 2. Síntiúis | |
|---|---|
| An bhfuair tú aon síntiús aonair de luach níos mó ná €634.87, nó síntiúis ón duine céanna de luach comhiomlán níos mó ná €634.87, idir an 1 Eanáir 2009 agus an 31 Nollaig 2009? Má FUAIR, ní mór duit an/na síntiús/síntiúis a liostú ar an leathanach a leanas. | ***Fuair*** ☐ ***Ní bhfuair*** ☐ ( Cuir [ ✓ ] mar is cuí) |

**NÓTAÍ:**

**i) SÍNTIÚIS DE BHREIS AR AN TEORAINN**
Tá cosc ar Theachta Dála (TD), ar Sheanadóir nó ar Chomhalta de Pharlaimint na hEorpa (CPE) glacadh, in aon bhliain féilire, le síntiús de luach níos mó ná €2,539.48, nó le síntiúis de luach comhiomlán níos mó ná €2,539.48 ón duine céanna. Is ceart luachanna na síntiúis go léir faighte ón duine céanna sa bhliain féilire a chomhiomlánú agus déileáil leo mar shíntiús aonair.

Má fhaigheann tú síntiús de luach níos mó ná an teorainn, foráiltear faoin reachtaíocht:

- go n-aisíocann tú an síntiús, nó an pháirt sin de shíntiús airgid de bhreis ar an teorainn, leis an síntiúsóir laistigh de 14 lá ó thráth a fhaighte. Ní mór taifead i scríbhinn ar an aisíoc a choinneáil d'fhonn é a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin, má éilíonn sé, nó

- go gcuireann tú an Coimisiún um Chaighdeáin ar an eolas faoi fháltas dá leithéid agus go n-íocann tú an síntiús, nó an pháirt sin den síntiús airgid de bhreis ar an teorainn, leis an gCoimisiún um Chaighdeáin laistigh de 14 lá ó thráth a fhaighte.

**ii) SÍNTIÚIS ÓN gCOIGRÍOCH**
Ní féidir glacadh le síntiús polaitíochta, d'aon luach, ó phearsa aonair (nach saoránach Éireannach) atá ina c(h)ónaí lasmuigh d'oileán na hÉireann, nó ó chomhlacht corpraithe nó ó chomhlacht neamhchorpraithe daoine nach bhfuil oifig ar oileán na hÉireann aige óna ndéantar ceann amháin ar a laghad dá phríomhghníomhaíochtaí.

Má fhaigheann tú síntiús ón gcoigríoch, foráiltear faoin reachtaíocht:

- go n-aisíocann tú an síntiús leis an síntiúsóir, laistigh de 14 lá ó thráth a fhaighte, agus go gcoinníonn tú taifead i scríbhinn ar an aisíoc d'fhonn é a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin, má éilíonn sé é, nó

- go gcuireann tú an Coimisiún um Chaighdeáin ar an eolas faoi fháltas dá leithéid agus go n-íocann tú an síntiús, nó a luach, leis an gCoimisiún um Chaighdeáin laistigh de 14 lá ó thráth a fhaighte.

**iii) CUNTAS SÍNTIÚS POLAITÍOCHTA**
Ní mór do TD, do Sheanadóir nó do CPE cuntas síntiús polaitíochta a oscailt agus a chothabháil ar fháil síntiúis airgid de bhreis ar €126.97 dó/di.

Má tá cuntas síntiús polaitíochta i do sheilbh, ní mór duit an Deimhniú Síntiús Airgid (Foirm 3) a chomhlánú in éineacht leis an bhfoirm seo.

## 3. Sonraí i dtaobh Síntiús

**IS FÉIDIR CÓIPEANNA BREISE DEN LEATHANACH SEO A CHUR I gCEANGAL, MÁS GÁ.**

| Luach an tSíntiúis (€) | Cineál an tSíntiúis[1] | Cur síos ar an Síntiúsóir[2] | Ainm agus Seoladh an tSíntiúsóra [Nóta: Ní mór Seoladh iomlán an tSíntiúsóra a chur in iúl.] |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |

[1] Mar shampla, airgead tirim/seic, úsáid maoine, seirbhísí, srl.
[2] Mar shampla, pearsa aonair, cuideachta, ceardchumainn, páirtí polaitíochta, srl.

# 4. Dearbhú Reachtúil

**Cuid I**
***(le comhlánú ina hiomláine ag an TD, Seanadóir nó CPE)***

Déanaimse (ainm an TD, an tSeanadóra nó an CPE) ............................................................, a dhearbhú go sollúnta agus go dílis go bhfuil an **Ráiteas Síntiús** i gceangal leis seo, a mhéid is eol dom agus a chreidim, ceart i ngach gné ábhartha agus go ndearna mé gach beart réasúnach d'fhonn a bheith sásta maidir lena chruinneas; déanaim an dearbhú sollúnta seo go coinsiasach leis an gcreideamh go bhfuil sé fíor agus de bhun an Achta i dtaobh Dearbhuithe Reachtúla 1938.

Síniú an TD, an tSeanadóra nó an CPE: ...........................................

**Cuid II**

**(le comhlánú ina hiomláine ag an bhfinné)**

Arna dhearbhu i m'fhianaise (ainm an fhinné i gceannlitreacha) .............................................
[nótaire poiblí] [coimisinéir mionn] [feidhmeannach síochána] [aturnae cleachtach]
........................................... ag (aimn an duine ag déanamh an dearbhú)
........................................... a bhfuil aithne phearsanta agam air nó uirthi,

nó

a chuir ...........................................  a bhfuil aithne phearsanta agam air nó uirthi, in aithne dom,

nó

ar suíodh a chéannacht nó a céannacht dom roimh an Dearbhú seo a thógáil, trí na nithe seo a leanas a thabhairt ar aird dom

pas uimh.. .................... arna eisúint ....................... ag údaráis (an stat a d’eisigh) ........................, is údarás arna aithint ag Rialtas na hÉireann,

nó

carta aitheantais náisiúnta uimh. ................. arna eisiúint (an dáta eisiúna) ....................... ag údarás (an stat a d’eisigh) ........................, ar Ballstát de chuid AE, Cónaidhm na hEilvéise nó Páirtí Conarthach i gComhaontú LEE é,

nó

Pas Eachtrannach uimh. ................. arna eisiúint (an dáta eisiúna) ....................... ag údarás (an stat a d’eisigh) ........................, is údaráis arna aithint ag Rialtas na hÉireann,

nó,

doiciméad taistil dídeanaí uimh. ................. arna eisiúint (an dáta eisiúna) ....................... ag an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí,

nó

doiciméad taistil uimh. (seachas doiciméad taistil dídeanaí) arna eisiúint (an dáta eisiúna) ....................... ag an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí,

**Síniú an fhinné** ..................................................

**Earnáil** * ..........................................................................................

**Dáta**..................................

*** Ní mór gurb é atá san Fhinné ná Coimisinéir Mionnaí, Nótaire Poiblí, Feidhmeannach Síochána nó Aturnae Cleachtach.**